An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

# ArdTeistiméireacht

# ARAIBIS SIOLLABAS EATRAMHACH

(GnáthLeibhéal agus ArdLeibhéal)

# CLÁIR NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

## Aidhmeanna agus Prionsabail

1. Is í aidhm ghinearálta an oideachais ná cur le forbairt ghnéithe uile an duine, lena n-áirítear gnéithe aeistéitiúla, cruthaitheacha, criticiúla, cultúrtha, mothúchánacha, eispriseacha agus intleachtúla le haghaidh an tsaoil phearsanta agus sa bhaile, le haghaidh saol na hoibre, le haghaidh maireachtáil sa phobal agus le haghaidh fóillíochta.

2 Cuirtear Cláir na hArdteistiméireachta i láthair laistigh den aidhm ghinearálta seo, agus le béim ar leith ar mhic léinn a ullmhú do riachtanais an oideachais bhreise nó na hoiliúna, d'fhostaíocht agus dá ról mar shaoránaigh rannpháirteacha treallúsacha.

3. Is í aidhm gach clár na hArdteistiméireachta leanúnachas le clár an Teastais Shóisearaigh agus dul chun cinn uaidh a sholáthar. Féadtar go n-athraíonn an t-ualú coibhneasta a thugtar do na comhpháirteanna éagsúla - m.sh. forbairt phearsanta agus shóisialta (lena n-áirítear forbairt mhorálta agus spioradálta), gairmstaidéir agus ullmhúchán d'oideachas breise agus do shaol an aosaigh agus na hoibre - laistigh de na cláir.

4 Maireann na cláir a mbíonn dámhachtain na hArdteistiméireachta orthu mar thoradh dhá bhliain agus tairgtear i dtrí fhoirm iad:

   i. An Ardteistiméireacht (Bunaithe)

   ii. Gairmchlár na hArdteistiméireachta

   iii. An Ardteistiméireacht Fheidhmeach

5. Cuireann gach clár na hArdteistiméireachta béim ar thábhacht na rudaí a leanas, agus iad ag cur le hoideachas ardchaighdeáin:

   - foghlaim féin-stiúrtha agus smaoineamh neamhspleách
   - meanma an fhiosraithe, smaointeoireacht chriticiúil, fadhbréiteach, féintuilleamaí, tionscnaíocht agus fiontraíocht
   - ullmhúchán d'oideachas breise, do shaol an aosaigh agus na hoibre
   - foghlaim ar feadh an tsaoil

## An Ardteistiméireacht (Bunaithe)

Tairgeann clár na hArdteistiméireachta (Bunaithe) oideachas leathan cothrom do mhic léinn agus ag ligean do roinnt speisialtóireachta san am céanna. Cuirtear siollabais ar fáil i réimse leathan d'ábhair. Tairgtear gach ábhar ag an nGnáthleibhéal agus ag Ardleibhéal. Ina theannta sin, tairgtear Matamaitic agus an Ghaeilge ag an Bhonnleibhéal.

Baintear úsáid as an teistiméireacht chun críche roghnaithe d'oideachas breise, d'fhostaíocht, d'oiliúint agus d'ardoideachas.

## Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCA)

Is idirghabháil é Gairmchlár na hArdteistiméireachta laistigh den Ardteistiméireacht (Bunaithe). Déanann mic léinn GCA íoslíon de chúig ábhar (ag Ardleibhéal, Gnáthleibhéal nó Bonnleibhéal), lena n-áirítear an Ghaeilge agus dhá ábhar ó ghrúpálacha de ghairmábhair shainithe. Tá sé riachtanach dóibh fosta cúrsa aitheanta a dhéanamh i dteanga Eorpach nua-aimseartha, seachas an Ghaeilge nó an Béarla. Ina theannta sin déanann mic léinn trí Nasc-Mhodúl ar Oideachas an Fhiontair, ar Ullmhúchán d'Obair agus ar Thaithí Oibre.

Go háirithe, is í aidhm an GCA meanma na fiontraíochta agus na tionscnaíochta a chothú i mic léinn agus a scileanna idirphearsanta, gairme agus teicneolaíochta a fhorbairt.

## An Ardteistiméireacht Fheidhmeach

Is clár Ardteistiméireachta sainiúil féin-chuimsitheach é an Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Tá sé deartha do na mic léinn siúd nach mian leo dul ar aghaidh go díreach go hardoideachas nó dóibh siúd nach ndéantar freastal imleor ar a riachtanais, a mianaidhmeanna agus a n-inniúlachtaí ag an dá chlár Ardteistiméireachta eile. Tá an Ardteistiméireacht struchtúrtha thart ar thrí phríomhchomhpháirt - Gairmullmhúchán, Gairmoideachas agus Oideachas Ginearálta atá idirghaolmhar agus idirspleách. Is iad príomhthréithe an chláir seo ná eispéiris oideachasúla de nádúr gníomhach, praiticiúil agus dírithe ar an mac léinn.

ARDTEISTIMÉIREACHT

# ARAIBIS SIOLLABAS EATRAMHACH

(GNÁTHLEIBHÉAL AGUS ARDLEIBHÉAL)

## CLÁR ÁBHAIR

**Réamhrá** ........................................................................ 3

**Aidhmeanna Ginearálta** ........................................................ 3

**1. Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht Stiúrtha** ..................... 5

**2. Scríbhneoireacht Leanúnach** ................................................ 7

**3. Úsáid na Teanga** .................................................................. 9

**4. Measúnú** .......................................................................... 11

## Réamhrá

Tairgeadh Araibis na hArdteistiméireachta den chéad uair in Éirinn i mí Mheitheamh 1997, ag Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal. Tá an siollabas reatha bunaithe ar churaclam na hAraibise a dhéantar a theagasc ag leibhéal na meánscoile sa chóras stáit i dtír ina labhraítear Araibis. Cuimsíonn an curaclam roinnt téacsanna forordaithe, idir reiligiúnda agus tuata.

### Siollabas eatramhach Araibise nua na hArdteistiméireachta

Déanfar Siollabas eatramhach Araibise nua na hArdteistiméireachta a scrúdú den chéad uair i Meitheamh 2004 ag Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal. Tiocfaidh sé i gcomharba ar an siollabas Araibise atá ann ó 1997 agus a dhéanfar a scrúdú don uair dheireanach i Meitheamh 2003. Is é príomhghné an tsiollabais nua ná méid breise na dtéacsanna ceaptha ó litríocht nua-aimseartha na hAraibise. Léiríonn sé seo éagsúlacht mhéadaitheach sna mic léinn atá ag déanamh an ábhair. Ós rud é go bhfuiltear ag súil, áfach, go mbeidh Araibis mar chéad theanga ag a bhformhór seo fós, leanfaidh an siollabas nua le béim a chur ar scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta.

### Múnla todhchaíoch Araibis na hArdteistiméireachta

Táthar ag súil go ndéanfaidh roinnt scoileanna in Éirinn Araibis a theagasc ab initio sa todhchaí suas le hArdleibhéal na hArdteistiméireachta, agus ní hamháin do chainteoirí na hAraibise mar chéad teanga de riachtanas. Sa chomhthéacs seo, táthar ag súil go gcuirfear siollabas i bhfeidhm don Araibis in am agus i dtráth a chuimseoidh gach comhpháirt de shiollabas teanga nua-aimseartha.

### Struchtúr an tSiollabais

Is iad an dá phríomhchomhpháirt den siollabas ná a Aidhmeanna Ginearálta agus tacar de Chuspóirí Scileanna níos sainiúla. Roinntear na Cuspóirí Scileanna seo, atá bunaithe ar na hAidhmeanna Ginearálta, ina dtrí réimse: Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht Stiúrtha; Scríbhneoireacht Leanúnach; agus Úsáid na Teanga. Mínítear scéim an mheasúnaithe faoin cheannteideal Measúnú. Mar sin de, leagtar an siollabas amach mar a leanas:

Aidhmeanna Ginearálta

Cuspóirí Scileanna

Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht Stiúrtha

Scríbhneoireacht Leanúnach

Úsáid na Teanga

Measúnú

## Aidhmeanna Ginearálta

Tá aidhmeanna ginearálta an tsiollabais mar an gcéanna do mhic léinn ar Ghnáthleibhéal agus ar Ardleibhéal. Tá na haidhmeanna leagtha amach thíos; níl siad liostaithe in ord tosaíochta.

Is iad na haidhmeanna

1. mic léinn a chumasú cumarsáid a dhéanamh go beacht, go cuí agus go héifeachtúil sa chaint agus i scríbhneoireacht
2. mic léinn a chumasú tuiscint a fháil agus freagairt chuí a thabhairt dá bhfuil á léamh agus á bhrath acu
3. mic léinn a spreagadh taitneamh agus léirthuiscint a bhaint as éagsúlacht stíle teanga
4. réimsí staidéir eile na mac léinn a chomhlánú trí scileanna le feidhm níos ginearálta a fhorbairt (m.sh. anailís, sintéis, tátail a bhaint)
5. forbairt phearsanta na mac léinn agus tuiscint orthu féin agus ar dhaoine eile a chur chun cinn

## Cuspóirí Scileanna

Tá spriocanna feidhmíochta mar an gcéanna do mhic léinn ag an dá leibhéal den Ardteistiméireacht Ba chóir go mbeadh roinnt scileanna teangeolaíocha ag mic léinn a dhéanann an tArdleibhéal nach bhfuiltear ag súil leo ó mhic léinn an Ghnathleibhéil Léirítear a bhfuiltear ag súil leis ag Gnathleibhéal agus ag Ardleibhéal, agus a bhfuiltear ag súil leis ag

Ardleibhéal amháin, sna hailt a leanas.

## Siollabas Eatramhach Arabaise na hArdteistiméireachta

# 1. LÉITHEOIREACHT AGUS SCRÍBHNEOIREACHT STIÚRTHA

# 1. LÉITHEOIREACHT AGUS SCRÍBHNEOIREACHT STIÚRTHA

## Spriocann Feidhmíochta

- Eolas a thuiscint agus a chur in iúl
- Fíricí, smaointe agus tuairimí a thuiscint, a chur in ord agus a chur i láthair
- Eolas a luacháil agus an méid atá ábhartha do chuspóirí sainiúla a roghnú
- Eispéireas a dheaslabhairt agus an méid a mhothaítear agus an méid a shamhlaítear a léiriú
- Ciall agus meonta intuigthe a aithint
- Cumarsáid a dhéanamh go héifeachtúil agus go cuí

## Scileanna Teangeolaíocha

| Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal | Ardleibhéal |
|---|---|
| • Tuiscint ar fhocail i dtéacsanna gairide a léiriú<br>• Eolas sainiúil a scanadh agus a bhaint amach, ábhar a eagrú agus a chur i láthair i bhformáid áirithe<br>• Mothú faoin lucht éisteachta agus feasacht ar stíl a thaispeáint<br>• Príomhábhair agus fo-ábhair a shainaithint, a achoimriú, a athinsint agus a athléiriú<br>• Gairis theangeolaíocha simplí a aithint agus freagairt a thabhairt dóibh lena n-áirítear teanga fhíortha | • Tuiscint bheacht ar théacsanna níos breisithe a thaispeáint<br>• Caidreamh smaointe agus socrú coincheap a aithint<br>• Tátail a bhaint, éifeachtacht a luacháil, comparáid a dhéanamh, anailísiú, sinteisiú<br>• Gairis theangeolaíocha níos sofaisticiúla a aithint agus freagairt a thabhairt orthu<br>• Eagarthóireacht nó mionsaothrú a dhéanamh ar obair dhaoine eile |

## Siollabas Eatramhach Arabaise na hArdteistiméireachta

# 2. SCRÍBHNEOIREACHT LEANÚNACH

# 2. SCRÍBHNEOIREACHT LEANÚNACH

## Spriocann Feidhmíochta

- Eispéireas a dheaslabhairt agus an méid a mhothaítear agus an méid a shamhlaítear a léiriú
- Fíricí, smaointe agus tuairimí a chur in ord agus a chur i láthair
- Cumarsáid a dhéanamh go héifeachtúil agus go cuí

## Scileanna Teangeolaíocha

| Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal | Ardleibhéal |
|---|---|
| • Smaointe, mothúcháin agus tuairimí a léiriú d'fhonn spéis a mhúscailt, le cur in iúl agus le háitiú<br>• Rialú imleor ar stór focal, ar chomhréir, ar ghramadach agus ar phoncaíocht a léiriú | • Mothú níos leithne agus níos ilghnéithí faoin lucht éisteachta agus faoi chomhthéacs agus feasacht ar stíleanna éagsúla a léiriú<br>• Ailt a roinneadh, agus úsáid shofaisticiúil de stór focal agus de struchtúir a léiriú |

## SIOLLABAS EATRAMHACH ARABAISE NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

# 3. ÚSÁID TEANGA

# 3. ÚSÁID TEANGA

## Spriocann Feidhmíochta

- rialú ar struchtúir ghramadaí cuí a fheidhmiú
- feasacht ar choinbhinsiúin maidir le hailt a roinneadh, struchtúir abairtí agus poncaíocht a léiriú
- stór focal ábhartha leathan a thuiscint agus a fheidhmiú
- Mothú faoin lucht éisteachta agus feasacht ar shainréim agus stíl i gcásanna foirmeálta agus neamhfhoirmeálta a thaispeáint

## Scileanna Teangeolaíocha

**Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal**

- Cúram faoi phoncaíocht a fheidhmiú
- Abairtí beachta simplí a scríobh
- Iarracht a dhéanamh ar éagsúlacht de struchtúir abairtí
- An gá le hailt a roinneadh a aithint
- Stór focal cuí a úsáid
- Mothú faoin lucht éisteachta agus feasacht ar stíl a thaispeáint

**Ardleibhéal**

- Cruinneas sa phoncaíocht a thaispeáint
- Abairtí coimpléascacha beachta a scríobh
- Struchtúr abairtí athraitheach a úsáid
- Ailt dea-chruthaithe a scríobh
- Stór focal samhlaíoch ilghnéitheach a úsáid
- Mothú soiléir faoin lucht éisteachta agus feasacht ar stíl a thaispeáint

## SIOLLABAS EATRAMHACH ARABAISE NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

# 4. MEASÚNÚ

# 4. MEASÚNÚ

Is ar ábhar an tsiollabais a bheidh tascanna an scrúdaithe bunaithe i gcónaí

Roghnóidh na scrúdaitheoirí réimse eilimintí ón siollabas a bheidh go measartha ionadaíoch gach bliain

## 1. Prionsabail Ghinearálta

a) Ba chóir go mbeadh iarrthóirí ullmhaithe déileáil le cásanna agus tascanna ó ábhar iomlán an tsiollabais, i gcomhcheangail éagsúla.

b) Beidh bailíocht "fhíor-shaoil" ag na tascanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta lena ndéantar teagmháil sa scrúdú nó beidh siad mar ullmhúchán d'fhíorthascanna.

c) Bainfidh measúnú sna scileanna atá i gceist go príomha le glacadh agus tarchur beacht na sainbhrí.

## 2. Príomhchuspóirí

Déanfar gach iarrthóir a mheasúnú ar a gcumas:

a) tuiscint ar an teanga scríofa i sainréimeanna éagsúla a léiriú;

b) iad féin a léiriú go ceart d'fhonn cur síos a thabhairt ar eolas agus é a fhail agus a chur in iúl, mínithe a thabhairt, agus smaointe, tuairimí agus mothúcháin a léiriú;

c rialú ar struchtúir ghramadaí a thaispeáint.

## 3. Difreáil

Is í aidhm an tsiollabais freastal ar réimse leibhéil a baineadh amach. Déanfar measúnú ag Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal. Déanfar na leibhéil a dhifreáil le méid agus coimpléascacht na dtascanna ceaptha.

### a) Dáileadh Marcanna

Beidh dáileadh na marcanna mar an gcéanna ag Gnáthleibhéal agus ag Ardleibhéal.

| DÁILEADH MARCANNA | |
|---|---|
| Tuiscint ar léitheoireacht | 20% |
| Litríocht | 35% |
| Úsáid | 20% |
| Scríbhneoireacht leanúnach | 25% |

### b) Critéir Mheasúnaithe

Cuirfidh siad seo san áireamh:

- cumas ciall a tharchur agus
- céimeanna beachtais agus oiriúnachta na teanga, lena n-áirítear raon an stóir focal agus na struchtúr a úsáidtear

### c) Critéir Mheasúnaithe re réir leibhéil

Léireofar difreáil leibhéil sna critéir mheasúnaithe:

**Ardleibhéal**

- eolas a thuiscint agus a tharchur ag leibhéal díreach agus ag leibhéal coimpléascach
- fíricí, smaointe agus tuairimí a thuiscint agus a chur in ord agus i láthair le soiléireacht agus beachtas
- ábhar a luacháil agus an méid atá ábhartha do chuspóirí sainiúla a roghnú agus a chur i láthair
- cur síos agus machnamh a dhéanamh ar eispéireas agus an méid a mhothaítear agus a shamhlaítear a shonrú agus a anailísiú
- sainbhríonna agus meonta intuigthe a aithint
- mothú soiléir faoin lucht éisteachta agus tuiscint ar úsáidí cuí teanga a thaispeáint
- ailt dea-chruthaithe a scríobh, agus réim iomlán de struchtúir abairtí cuí á úsáid agus beachtas sa phoncaíocht a thaispeáint.

**Gnáthleibhéal**

- eolas a thuiscint agus a tharchur ag leibhéal díreach
- fíricí, smaointe agus tuairimí bunúsacha a thuiscint agus a chur i láthair le céim comhleanúnachais
- ábhar a roghnú agus trácht a dhéanamh air ag leibhéal litriúil
- cur síos ar eispéireas i dtéarmaí nithiúla agus an méid a mhothaítear agus a shamhlaítear a chur in iúl go hintuigthe
- sainbhríonna agus meonta intuigthe a thuiscint
- feasacht a thaispeáint go mbaintear úsáid as teanga i ndóigheanna difriúla in imthosca difriúla
- abairtí simplí a scríobh agus beachtas sa phoncaíocht a thaispeáint

## 4. Formáid

Déanfaidh an scrúdú cumas iarrthóra a mheasúnú i dtaca le:

(a) an teanga scríofa a thuiscint

(b) an teanga scríofa a úsáid

(c) cumarsáid a dhéanamh sa teanga scríofa

Laistigh de gach ceann de na cuspóirí measúnaithe seo eascróidh na tascanna teanga agus scrúdaithe as inneachar ábhar léinn.

### Tuiscint na Léitheoireachta

Beifear ag súil go mbeidh iarrthóirí in ann eolas sainiúil ábhartha a asbhaint ó éagsúlacht de chineáil téacsanna gan fheiceáil, lena n-áirítear litreacha, ailt nuachtáin nó irise, agus saothair litríochta, agus é a thuiscint. Cuirfidh ábhair agus tascanna ag Ardleibhéal cúraimí níos mó ar an iarrthóir ná a chuirtear ag Gnáthleibhéal. Beidh sé riachtanach don iarrthóir ag an dá leibhéal leibhéil áirithe bríonna a imscrúdú laistigh de théacs, agus feasacht ar roinnt gnéithe stíleacha a léiriú.

### Litríocht

Beifear ag súil go mbeidh iarrthóirí in ann tuiscint réasúnta ar roinnt téacsanna ceaptha a thaispeáint a bhfuil a sonraí san Iarscríbhinn, agus trácht a dhéanamh orthu. Léirítear difreáil idir Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal i líon agus i gcineál na dtéacsanna ceaptha ag gach leibhéal, agus sna tascanna a n-iarrtar ar na hiarrthóirí.

### Úsáid

Beifear ag súil go mbeidh iarrthóirí in ann rialú cuí ar struchtúir ghramadaí a thaispeáint. Cuirfidh ábhair agus tascanna ag Ardleibhéal cúraimí níos mó ar an iarrthóir.

### Scríbhneoireacht Leanúnach

Déanfaidh na tascanna a cheaptar an t-iarrthóir a éileamh teanga a úsáid chun críche cumarsáide ar nós mothúcháin agus meonta a léiriú, eolas a thabhairt agus a fháil, tuairisciú, aithris, mínithe a thairgeadh, achoimriú, mionsaothrú etc. Cuirfidh tascanna ag Ardleibhéal cúraimí níos mó ar an iarrthóir.

## 5. Cur síos ar na páipéir

Ceapfar na páipéir scrúdaithe go hiomlán in Araibis. Beidh 3 pháipéar 3 uaire ann ag Gnáthleibhéal, agus aon pháipéar 3 uaire ann ag Ardleibhéal. Beidh 4 chuid sa dá pháipéar.

### Cuid 1

Cuimseoidh Cuid 1 sliocht próis agus ceithre cheist ilroghnacha ina dhiaidh sin a dhéanfaidh tuiscint an iarrthóra a thástáil ar phríomhphointí an struchtúir agus na hargóinte, chomh maith le dá cheist oscailte a dhéanfaidh gnéithe eile an tsleachta a thástáil, ar nós úsáid teanga agus meon an údair i leith inneachar an ábhair léinn.

### Cuid 2

Cuimseoidh Cuid 2 trí rannán. Cuimseoidh an chéad rannán, le freagairt ag gach iarrthóir, sliocht ón Chórán, agus dhá cheist ina dhiaidh. Cuimseoidh an dara agus an tríú rannán faoi seach, a n-iarrfar ar na hiarrthóirí rogha a dhéanamh eatarthu, cuid de véarsaíocht chlaisiceach in Araibis, agus dá cheist in a dhiaidh, agus sliocht as saothar próis Araibise nua-aimseartha, agus 2 cheist in a dhiaidh. Sa dá chás, beidh ceist amháin dírithe ar an téacs a chuirtear i láthair, agus beidh an cheist eile de nádúr níos comhthéacsúla.

### Cuid 3

Beidh Cuid 3 ina tástáil d'úsáid. Déanfaidh na tascanna rialú na n-iarrthóirí ar struchtúir agus feasacht ar shainréim agus ar stíl a thástáil. Ceapfar cúig cheist.

### Cuid 4

Déanfaidh Cuid 4 scil na n-iarrthóirí maidir le scríbhneoireacht leanúnach a thástáil. Cuirfear rogha de shé theideal ar fáil óna dteastóidh freagairt shamhlaíoch, inste nó loighciúil i stíl chuí. Iarrfar ar iarrthóirí teideal amháin a roghnú agus tabharfar comhairle dóibh 300-400 focal a scríobh.

# IARSCRÍBHINN: TÉACSANNA FORORDAITHE

## 2,i : An Córán Naofa

1,2 القرآن الكريم

Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal:

| | |
|---|---|
| III *(A'’l) ʾImrān):* 103-104; 133-136 | سورة آل عمران : 103-104؛ 133-136 |
| VI *(al-An ʿām):* 151-153 | سورة الأنعام : 151-153 |
| VIII *(al-Anfāl):* 20-29; 61-67 | سورة الأنفال : 20-29؛ 61-67 |
| IX *(al-Tawbah):* 108-111 | سورة التوبة : 108-111 |
| XVIII *(al-Kahf):* 60-82 | سورة الكهف : 60-82 |
| XLII *(al-Shūrā):* 33-40 | سورة الشورى : 33-40 |

## 2,ii : Filíocht Chlaisiceach Araibise

Ardleibhéal:

الشعر:

| | |
|---|---|
| al-Shanfarā al-Azdī: spreagadh chun foirtile | الشنفرى الأزدي: في الحماسة (ثورة وتمرد) |
| ʻAmr b. Kulthūm: maíomh | عمرو بن كلثوم : في الفخر |
| Zuhayr b. Abī Sulmā: moladh ar chríonnacht | زهير بن سلمى : في الحكم |
| al-Khansā’: caoineadh | الخنساء : في الرثاء "بكاء ولوعة" |
| Hassān b. Thābit: moladh ar an Fháidh | حسان بن ثابت : الشعر في صور الإسلام مدح الرسول |
| Jarīr b. ʻAtiyyah: caoineadh | جرير بن عطية : الرثاء |
| ʻUmar b. Abī Rabī’ah: óid ghrách | عمرو بن أبي ربيعة : الغزل الصريح |
| Ibn Zaydūn: óid ghrách | ابن زيدون: في الغزل |
| Ibn al-Khatīb: cuimhní ar al-Andalus | لسان الدين ابن الخطيب : ذكرى في الأندلس |

Gnáthleibhéal

| | |
|---|---|
| ‘Amr b. Kulthūm: maíomh | عمرو بن كلثوم: في الفخر |
| al-Khansā’: caoineadh | الخنساء: في الرثاء "بكاء ولوعة" |
| ‘Umar b. Abī Rabī‘ah: óid ghrách | عمرو بن أبي ربيعة. الغزل الصريح |
| Ibn al-Khatīb: cuimhní ar al-Andalus | لسان الدين ابن الخطيب: ذكرى في الأندلس |

2,ii : Litríocht Araibise Nua-aimseartha — 3,2 : الأدب المعاصر

Ardleibhéal:

| | |
|---|---|
| Taha Husayn: *al-Ayyām* (Cuid a hAon) | طه حسين: الأيام (الجزء الأول) |
| al-Tayyib Sālih: ‘*Urs al-Zayn* | الطيب صالح: عرس الزين |

Gnáthleibhéal

al-Tayyib Sālih: “*Dūmat Wad Hāmid*” agus
“*Nakhlah ‘alā al-jadwal*” as: *Dūmat Wad Hāmid: Sab ‘qisas*

الطيب صالح: "دومة ود حامد" و "نخلة على جدول" من
دومة ود حامد : سبع قصص

[ÍOMHÁ]
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Nósanna imeachta maidir le Siollabais Náisiúnta a dhréachtú

Seo a leanas ballraíocht Choistí Cúrsa an CNCM don Ardteistiméireacht (Bunaithe):

- *Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire*
- *Aontas Múinteoirí Éireann*
- *Comhchoiste na mBainisteoirí*
- *Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha*
- *Cumann na nÁbhar*
- *An Cumann Gairmoideachais in Éirinn*
- *Comhairle Náisiúnta na gCáilíochtaí Oideachais*
- *Comhdháil Cheannasaithe na nOllscoileanna in Éirinn*
- *An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (na Cigirí)*
- *Coimisiún na Scrúduithe Stáit*

Ar bhonn sainchúraim a chuireann an Chomhairle ar fáil, ullmhaíonn Coistí Cúrsa an CNCM na siollabais.

Cuirtear moltaí na gCoistí Cúrsa faoi bhráid Chomhairle an CNCM le haghaidh ceadaithe. Tar éis dóibh machnamh a dhéanamh ar a leithéid de mholtaí, tugann an CNCM comhairle don Aire Oideachais agus Eolaíochta dá réir sin.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil agus teagmháil a dhéanamh leis an CNCM ag 24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

[íomhá]
AN ROINN OIDEACHAIS
AGUS EOLAÍOCHTA
DEPARTMENT OF SCIENCE
AND EDUCATION

[ÍOMHÁ]
An Chomhairle
Náisiúnta Curaclaim
agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and
Assessment

**Arna fhoilsiú ag Oifig an tSoláthair**

Le ceannach go díreach ó:

Oifig Díolta Foilseachán an Rialtais
Teach Sun Alliance
Sráid Molesworth, Baile Átha Cliath 2.

Nó trí phostdhíol ó:

Foilseacháin an Rialtais, Earnáil Trádála Poist,
51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.
Teil: 01-647 6834/5 Facs: 01-475 2760

Nó trí aon díoltóir leabhar.

**Praghas: €1.90**

Arna dhearadh ag: Langley Freeman Design Group Teo.
© 2003 Rialtas na hÉireann